C/2024/1033

24.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Case M. 11424 — MC / DTHAG / MMC / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1033)

1. An 12 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mitsubishi Corporation (MC), An tSeapáin

— Mitsubishi Fuso Truck and Bus Corporation (MFTBC), An tSeapain, atá faoi rialú ag Daimler Truck Holding AG (DTHAG)

— Mitsubishi Motors Corporation (MMC), An tSeapain, atá faoi rialú ag Nissan Motor Co., Ltd.

Gheobhaidh MC, DTHAG agus MMC comhrialú ar chomhfhiontar nuachruthaithe de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála chomhtháite é MC, a fhorbraíonn agus a oibríonn gnólachtaí ar fud na cruinne i réimse leathan earnálacha.

— Is cuideachta Sheapánach é MFTBC a fhorbraíonn agus a sholáthraíonn leoraithe, busanna agus innill thionsclaíocha. Is cuideachta sealbhaíochta don mhórghrúpa Daimler Truck é DTHAG.

— Is monaróir gluaisteán domhanda Seapánach é MMC, a dhéanann agus a sholáthraíonn gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma.

3. Is éard a bheidh i gceist le gníomhaíochtaí gnó an chomhfhiontair nua ardán seirbhíse cuimsitheach le haghaidh feithiclí leictreacha a bhunú agus a oibriú sa tSeapáin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 11424 — MC / DTHAG / MMC / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË